


ḡaḡb ḡboill

€3



Céim Aniar Teoranta, Áras Ros ḡoill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Fón: **074 9154830** / R-phost: **ceimaniar@eircom.net** Facebook: **Céim Aniar Teo**



CLÁR

Coirnéal Nan	2
Féile Scoil drámaíochta	11
Oíche Fhéile Bríde	12
Lá i mo Shaol	17
Seachtain na Gaeilge	23
Scéalta Báis	25
Lá Fhéile Pádraig	28

Coirnéal Nan



Tá cuimhne mhaith agam ar mhaidin amháin siar i m'óige is mé thíos ag an abhainn le mo mháthair. Bhí muid ag líonadh na buicéadaí le huisce rud a rinne muid achan lá. Cha raibh uisce ar bith sna tithe san am sin agus bhí orainn é a tharraingt ón abhainn. Cibé ar bith, tháinig fear le hasal an mhaidin áirithe seo mar ba seo áit a dtiocfadh leat an abhainn a thrasnú. Bhí cuma ar an seanasal seo go raibh sé réidh le titim.

Bhí ceithre chloch (stepping stones) ag dul ó thaobh amháin go dtí'n taobh eile. Bhí doimhneacht na habhann leathbealaigh suas ar na clocha seo ach dá mbeadh tuile san abhainn, rud a tharla minic go leor, cha bheadh cead againne gabháil a chóir an abhainn.

"Bhail, a Bhidí, tá scoth lá ann," arsa an fear. "Tá lá breá ann ceart go leor, a Chonnie," arsa mo mháthair. Sheas Connie ar an chéad chloch agus dúirt sé "hup, hup, a Neidí," leis an asal ach cha raibh bogadh as Neidí." Tá an t-asal sin ar a dhé deiridh," arsa mo mháthair. Sheas Connie suas díreach ar an chloch mar a bheadh saighdiúir ann agus bhain sé de a bhairéad. (Níl a fhios agam cad chuige.) "A Bhidí Bhig, a dúirt sé is é feargach go leor, "tá Neidí bocht ar an bhóthar chomh fada sin go bhfuil fiacla sé orlach ar fad ina bhéal agus tá dearmaid déanta aige ar thrí oiread a bhfuil ar eolas agatsa." Chuir sé a bhairéad ar ais ar a chloigeann maol agus dúirt sé "hup, hup, a Neidí." Shiúil Connie agus a asal trasna na habhann gan focal nó fuaim ó Chonnie nó ón asal. Sheas mé fhéin is mo mháthair ar leataobh dóibh agus muid ag amharc ar an bheirt mhórtasach ag imeacht uainn.

'Sé'n fáth gur inis mé sin daoibh ná go bhfuil mé fhéin ar na laethanta seo rud beag cosúil leis an asal i dtaca leis an mhéid a bhfuil dearmad déanta agam air. Ach sin ráite tá scéal beag a sheasann amach i mo chuimhne agus cha ndéanaimse dearmad de a choíche. Chan scéal fá dtaobh domhsa atá ann ach scéal fá mo dheirfiúr Bríd, go mbeidh Dia maith di.

Tá mé ag gabháil ar ais go dtí tús na dtríochaidí leis an scéal seo.

Nuair a bhí muid inár ngirseachaí óga bhí muid amuigh ar fostú. ‘Sé’n rud a bhí ann ag an am sin, ná, teach ar bith nach raibh páistí ann, rachadh siad go dtí teach ina raibh páistí ann agus ghlacadh siad páiste leofa ar fostú chun an bhuachailleacht agus jabanna beaga eile a dhéanamh dóibh i rith an tSamhraidh. Mhairfeadh an tréimhse fostaíochta sé mhí agus gheofa péire bróg don Gheimhreadh mar íocaíocht.



Cha raibh sé ró-olc ag amharc i ndiaidh an eallaigh, ach dá mbeadh bó chrosta agat choinneodh sin gnoitheach thú. Is minic a choinnigh bó chrosta muid mall don scoil.

Sa tSamhraidh i nGaoth Dobhair cuireadh na ba síos go Machaire Gathlán agus coinníodh ansin iad ar feadh sé mhí, ó theacht an chéad bhorradh ar an fhéar. D’fhágadh daoine a gcuid tithe agus bhogadh siad na ba, na cearca, an madadh, an t-asal agus rud ar bith eile a raibh beocht ann síos cois farraige go dtí na tithe beaga a raibh na fir i ndiaidh ceann tuí muiríní a chur orthu. Thíos cois na trá a bhí ann ceart go leor ach chan Riviera ar bith a bhí ann dóibhsean a bhí ar fostú.

Bhí Bríd ar fostú thíos i dteach beag cóngarach don reilig agus chan bréag é a rá gur shaothraigh sí a péire bróg le hallas a coirp.

Chuireadh bean a’ tí, Cití Eoiní a bhí uirthi, Bríd ina suí thart fán sé ar maidin agus bhí uirthi an t-uisce a thabhairt isteach ón tobar, an mhóin a thabhairt isteach agus an chliabh cois tine a líonadh. Ansin rachadh sí amach ag buachailleacht.

Cha chreideann páistí an lae inniu go raibh sin uilig déanta roimh ghabháil ‘na scoile di ar maidin agus gur sin an sórt saoil a bhí ann do pháistí ag an am. Nuair a thiocfadh Bríd na bhaile ón scoil tráthnóna bheadh uirthi an rud céanna a dhéanamh. Creidim le hamharc siar air anois, bhí sé cruaidh go leor ach ag an am níor shíl muid a dhath de mar nach raibh fhios againn a dhath eile. Dá n-iarrfaí ort rud inteacht a dhéanamh, dhéanfá é. Cha raibh sean-chaint ar bith ann ag an am sin, cé gur ghirseach a sheasódh a fód a bhí i mBríd.

Is olc an chearc nach scríobann di féin, agus b’éigean dúinne bheith inár gcearca cineál óg. Cibé ar bith bhí girseach bheag ar fostú ag Maggie Rua, comharsan béal doras do Chití Eoiní. Caitlín a bhí uirthi agus cha raibh sí a dhath cosúil le mo dheirfiúr Bríd. Girseach bheag, chiúin, fhaiteach a bhí inti ach oibrí maith san am chéanna.

Bheadh an bheirt acu ag gabháil na scoile le chéile achan mhaidin agus iad mall de ghnáth. Tháinig sé go dtí an t-am sin den bhliain a raibh siad ag athrú na leabhar. Bhí leabhar beag sums ann ag an am, leoga ní raibh sé ró-dheacair. A haon is a haon a dó, a dó is a dó a ceathair....

Ach bhí luach sé pingine nó réal mar a





thug muid air, le híoc ar an leabhar agus caithfidh mé a rá go raibh na daoine a raibh Bríd ar fostú acu iontach maith. Thug siad an réal di ach cha dtabharfadh Maggie Rua réal do Chaitlín. Cha raibh a leithéid de rud ann is gabháil na bhaile nuair a bheifeá ar fostú. Achan mhaidin chuaigh Caitlín bhocht na scoile gan an réal agus bhuaile an mháistreás í le bata achan lá de thairbhe sin.

Tá cuimhne mhaith agam ar an lá a bhí mé i nGaoth Dobhair, b'fhéidir fiche bliain ó shin agus bhí mé istigh i dteach Bhríd, mo dheirfiúr. Bhí comhrá breá eadrainn agus achan sórt a phlé againn ach ansin thiontaigh an comhrá go hábhar na fostaíochta agus d'inis Bríd an scéal seo domh. Cha dearn Bríd dearmad ariamh den ghirseach bheag nach raibh réal aici.

"A Nan," a dúirt sí liom, is í ag cur an citeal ar an sorn. "Bhriseadh sé do chroí a bheith ag amharc ar an pháiste bheag shoineanta seo ina sheasamh ansin costarnocht agus na lámha beaga fíneálta amuigh aici ag fanacht ar an bhata," "Agus tharla seo achan lá," a dúirt mise. "Tharla," arsa Bríd, ach sheas lá amháin amach ó na laethanta uilig eile agus seo mar a tharla sé.

"Is mór an trua nach dtabharfadh Maggie Rua sé pingine duit a Chaitlín," arsa Bríd lá amháin agus iad ag tarraingt ar an scoil. "Cha dtig léi rá nach bhfuil sé tuilte agat. Bhí sí ariamh cruaidh, ach nár inis tú di go bhfuil an mháistreás do bhualadh achan lá."

D'amharc Caitlín ar Bhríd is deor ina súil. "D'inis mé sin do Mhaggie," a dúirt sí, "ach ba chuma léi. 'Sé'n rud a dúirt Maggie liom, a Bhríd, ná: "tá sé deacair go leor bia a choinneáil ar an tábla duit mar itheann tú níos mó na fear a bheadh ar an phortach." "Níl croí de shórt ar bith sa bhean sin," arsa Bríd, "ach ná caill d'uchtach, a Chaitlín. Tá Dia maith, bhéarfadh sé réal dúinn dóigh inteacht. Goitse, rachaimid isteach. Tá muid mall go leor." Agus chuaigh an bheirt isteach 'na scoile.

Sheas an mháistreás nuair a chonaic sí iad.

"Ó! Nach maith seo," a dúirt sí. "Tá na buachaillí bó i ndiaidh theacht isteach chugainn. Tosaíonn an rang ag a leath i ndiaidh a hocht ach tagann siadsan isteach am ar bith gur mhaith leofa. Seasaigí suas an bheirt agaibh. Cén t-am atá sé a Chaitlín?"


D'amharc Caitlín ar an chlog. "Tá sé ceathrú go dtí a naoi a mháistreás," a dúirt sí.

"Ceathrú go dtí a naoi. Cá háit a raibh tú go dtí an t-am seo den lá?" arsa an mháistreás. Bhí Caitlín ina seasamh ansin gan focal aisti agus labhair Bríd.

"Bhris an bhó ghorm isteach...."

"Bí thusa i do thost," arsa an mháistreás. "Nach dtig léi labhairt di fhéin?"

Labhair Caitlín ansin agus tocht ina glór. "Bhris an bhó ghorm isteach i gcuibhreann Nonni Bhdí, a



mháistreás. Bó chrosta atá inti agus bhí sé deacair í a fháil amach.”

“Ó; Dá mbeadh thusa ag déanamh na buachailleachta mar ba chóir duit, cha dtarlódh sin. Agus caidé tharla duitse, a Bhríd?”

“Bhí mise ag cuidiú léi,” arsa Bríd. “Cha raibh dóigh ar bith a bhfaigheadh duine amháin an bhó sin amach.”

Bhí fearg ar an mháistreás fán am seo agus dúirt sí, “so! Tá muidinne uilig istigh anseo ag obair go dícheallach agus an bheirt agaibhse amuigh ag cearmansaíocht thart mar a bheadh péire giorria ann i dtús an lae i mí Márta. Bígí in am ó seo amach. An dtuigeann sibh mé?”

“Tuigeann a Mháistreás,” arsa an bheirt.

“Suígí,” arsa an mháistreás. “Anois rachaimid ar aghaidh. Tugaigí amach an leabhar uimhríochta. Anois, an bhfuil an leabhar ag achan duine? Seas suas duine ar bith nach bhfuil an leabhar acu.” Sheas Caitlín; bhí súile na bpáistí, is iad lán truaighe di, dírithe uirthi mar bhí a fhios acu cad é a bhí le theacht.

“Ó! A Chaitlín. Tusa arís.” Arsa an mháistreás. “An bhfuil réal agat?”


“Níl, a mháistreás,” arsa Caitlín i gcogar.

“Labhair amach,” arsa an mháistreás, “tá muid uilig ag iarraidh tú a chluinstin.” Labhair Caitlín is í ag caoineadh. “Níl, a mháistreás.”

Bhí an mháistreás ag scairteadh fán am seo. “Níl! Sé pingine, sin uilig atá a dhíobháil orm. Réal beag bídeach agus ní thabharfaidh tú é isteach chugam. Tabhair bata domh, a Mháire.” Thug Máire slat caol di. Cha ghlacadh an mháistreás é uaithi. Bhí i gcónaí cúpla slat sailí sa tseomra aici agus d’iarr an mháistreás ar Mháire ceann tiubh a roghnú. “Tá bata tiubh a dhíobháil orm le ciall a chur isteach i gcloigeann ramhar. Anois a ghirsigh,” a dúirt sí. “Cuir amach do lámh. Tá réal a dhíobháil orm an dtuigeann tú sin? Tabhair freagair orm.”

“Tuigim a mháistreás,” arsa Caitlín.

“Bhail,” arsa an mháistreás, “cuideoidh seo leat é a thuigbheáil níos fearr,” agus bhuail sí an créatúr bocht.



Ag gabháil ‘na bhaile dófa tráthnóna dúirt Caitlín nach raibh sí ag iarraidh dhul na scoile an lá dár gcionn.

“Chan iontas ar bith sin,” arsa Bríd, “tá eagla ormsa roimh an bhata fosta.”

“Chan ea an bata an rud a chuireann isteach orm ar chor ar bith, a Bhríd,” arsa Caitlín.

“Ach tá mé náirithe i mo sheasamh os



comhair an ranga achan lá as siocair nach bhfuil sé pingine agam.” Agus le sin, sula bhfuair Bríd deis labhartha chonaic sí cnag ina luí ar an talamh.

“Caidé seo, a Chaitlín?” a dúirt sí, agus í ag tógáil an chnaig. “Is cnag úr atá ann. Nach bhfuil sé galánta?”

“Taispeáin,” arsa Caitlín agus thug Bríd an cnag di. “Níl marc de chineál ar bith air. Déarfainn nár buaileadh an cnag seo ariamh le bata.” D’amharc sí thart ach cha raibh fear nó bean le feiceáil. “B’fhéidir go mbeadh duine éigin a chuartú.”

“Arú amaidí,” arsa Bríd. “Duine ar bith a bhuailfeadh cnag amach an fhad seo char chóir do bheith ag imirt gailf. Ach sin ráite, nach mbeadh sé maith dá dtiocfadh fear amach thuas ar an aird ansin, b’fhéidir go dtabharfadh sé rud éigin dúinn fá choinne an chnaig. Bheifeá ábalta an leabhar a fháil.”

Bhí an citeal ag goil fán am seo agus choinnigh Bríd léi ag insint an scéil agus í ag doirteadh an uisce isteach sa taephota. “Chan ag magadh atá mé, a Nan,” a dúirt sí, “ach caithfidh go raibh Dia ag amharc anuas orainn an lá sin mar cha raibh na focla amuigh as mo bhéal nuair a chonaic muid bodach mór ag tarraingt orainn.”

“Whist,” arsa Caitlín, “amharc seo galtaire ag teacht.”

Bhí sé gléasta i gculaith bhréidín agus hata deerstalker ar a chloigeann. Bhí píopa ina bhéal, mála gailf ar a ghualainn agus thiontaigh sé uainn is é ag glacaint an aicearra chuig an chlubtheach le dul amach fá choinne cluiche.

“Imigh anonn chuige agus tabhair an cnag dó,” arsa Bríd le Caitlín.

“Cha dtiocfadh liom. Níl Béarla ar bith agam,” arsa Caitlín.

“Arú déan deifre,” arsa Bríd léi. “Níl Béarla ar bith agamsa ach oiread. Amharc, tá sé ag imeacht.”

Cha raibh bogadh as Caitlín. “Tabhair domh an cnag,” arsa Bríd,” agus rith sí anonn chuig an fhear agus shín sí amach an lámh ina raibh an cnag. Thóg an fear an cnag agus rinne sé scrúdú air. Ansin chuir sé é isteach ina mhála, thóg sé réal as a phóca, thug sé é di agus d’imigh sé leis. D’amharc Bríd ar an réal ina lámh agus chuir sí paidir buíochais chun na flaithis.

“Amharc, a Chaitlín,” a dúirt sí. “Píosa sé pingine. Luach an leabhair. Nár inis mé duit. Seo chugat.” Shín sí an réal chuig Caitlín ach char ghlac sí é.

“Is leatsa an réal, a Bhríd.”

“Arú stad den amaidí, a Chaitlín,” arsa Bríd, agus thug sí an réal di.

“Amharc, a Bhríd,” arsa Caitlín, “Ó nach bhfuil sé galánta. 1924, Amharc tá líne gearrtha ann.”





“Tá,” arsa Bríd. “Anois, a Chaitlín cibé cad é a dhéanas tú, ná caill é.”

Maidin lá arna mhárach rith an bheirt acu isteach na scoile su-lar thosaigh an rang.

“Tugaigí amach an leabhar uimhríochta, leathanach 26,” arsa an mháistreás. “An bhfuil an leabhar ag achan duine?” Chuir sí a droim leis an rang is í ag glanadh an chláir-dubh. “Seas suas duine ar bith nach bhfuil an leabhair aige nó aici.”

Sheas Caitlín. Thiontaigh an mháistreás. “Tusa arís. An bhfuil sé pingine agat?” a scairt sí. “Tá a mháistreás,” arsa Caitlín.

“A Mháire, tabhair domh an bata.....Caidé a dúirt tú?” arsa an mháistreás le hiontas.

“Tá an sé pingine agam a mháistreás,” arsa Caitlín agus cha raibh páiste eile sa rang sin nach raibh lúcháir an domhain air nó uirthi. Chan amhlaidh a bhí sé leis an mháistreás.

Thóg sí an réal, Chuir sí é ar an deasc agus thug sí leabhar do Chaitlín. “Ceart go leor. Tosóidh muid. A naoi fá haon a naoi, a naoi fá dó a hocht déag, a naoi fá trí”

Bhí Bríd ag cur amach an dearna cupa tae dúinn fán am seo. “Shílfeá,” a Nan, a dúirt sí liom, “gur seo deireadh an scéil ach chan amhlaidh a bhí sé, agus lean sí ar aghaidh leis an scéal.

“Bhí muid ag gabháil fríd táblaí a naoi, tá a fhios agat fhéin. A naoi fá naoi ochtó a haon, a naoi fá deich nócha, nuair a tháinig fear isteach agus pandaí beag leis.”

“Gabh mo leithscéal a mháistreás,” a dúirt sé. “Seo pandaí beag bainne fá choinne an cocó daoibh.”

Ba ghnáth leis na páistí cupa cocó a fháil ag am lóin. Bhí lá fada ag páistí scoile ag an am sin, go háirithe ag ranganna ceathair, cúig is sé. Thosaíodh siadsan ag a hocht ar maidin agus ní ligfí amach an geafta iad go dtí'n ceathair tráthnóna.

“Ó” Go raibh maith agat a Charlie,” arsa an mháistreás.

“Cá mhéid atá agam le tabhairt duit. Char dhíol mé thú le fada.”

“Tá scilling agus sé pingine le fáil agam, a mháistreás” arsa Charlie.

“Socróidh sin é. Cén uair atá an scoil ag druidim don Samhradh?”

D’amharc an mháistreás ar a féilire. “Tá seachtain go leith fágtha go fóill againn, agus léir oibre le déanamh sula mbriseann muid.

Anois, cá bhfuil mo mhála?”

“Bhuel, má tá duine ar bith ábalta an obair sin a dhéanamh is tusa an duine sin. Caidé mar atá Máire Bheag ag fáil ar aghaidh?”

Bhí an mháistreás ag amharc isteach ina mála agus dúirt sí.

“Máire? Ó is duine beag múinte dícheallach atá inti. Thig leat a bheith bródúil aisti”

“Is maith sin, agus déarfainn go bea páistí múinte dícheallach atá



iontu uilig,” arsa Charlie.”

D’amharc an mháistreás ar Chaitlín agus dúirt sí le Charlie, “an chuid is mó acu.”

“Arú na créatúir,” arsa Charlie. “Bainigí sult as na laethanta seo mo chairde beaga, mar is iad seo na laethanta is fearr a bhéas agaibh.”

“Tá mé cinnte, a Nan”, arsa Bríd liom, “go raibh Caitlín bhocht ag rá léi fhéin, ‘más iad seo na laethanta is fearr a bheas agam tá drochshaol amach romham’ Tá lúcháir orm a rá libh nach hamhlaidh a bhí sé le Caitlín ach tiocfaidh muid ar ais chuig sin.”

“Nach bhfuil mé i dtólamh ag insint sin dóibh,” arsa an mháistreás.

“Má d’inis an mháistreás céanna sin dúinn,” arsa Bríd liom, “bhail, char chuala mise í.”

Cibé ar bith, “Seo chugat scilling,” arsa an mháistreás le Charlie, “cha shílim go bhfuil briseadh ar bith eile agam – ó fan bomaite.” Chuaigh sí go dt’n deasc agus thóg sí réal Chaitlín. “Seo an sé pingine agat fosta, a Charlie.”

Ghlac Charlie é agus dúirt sé, “Go raibh maith agat. Slán leat agus slán libhse, a pháistí.”

“Cha dtáinig slán ar bith ar ais ó na páistí,” arsa Bríd liom. “Chan rud é nach raibh dúil againn i Charlie an bhainne, mar bhí. Fear deas cineálta a bhí ann, ach cha raibh cead againne ár mbéal a fhoscailt gan cead na máistreása. Sin an tuige nár dhúirt muid slán agus taispeánann sin an cineál smachta a bhí aici orainne.”

“Abraigí slán le Charlie,” a dúirt sí linn.

“Slán a Charlie,” a scairt muid uilig amach.

“An bhfuil cupa eile tae a dhíobháil ort, a Nan?” arsa Bríd liom.

“Leoga níl,” a dúirt mé léi. “Tá mo sháigh agam. Lean ar aghaidh leis an scéal.”

“Bhail, seo mar a tharla sé, a Nan,” a dúirt sí. “Ag gabháil ‘na bhaile dúinn labhair Caitlín liom.”

“Ó a Bhríd. Nach bhfuil an leabhar beag galánta, agus is liomsa é. Is é seo an chéad uair a thioctadh liom sin a rá fá leabhar ar bith.”

“An créatúr,” arsa Bríd liom. “Cha raibh aici ach leabhar beag sums agus shílfeá go raibh coróin Bhanríon Shasana ina lámh.”

Shiúil siad leo siar an bóthar agus lúcháir ar an bheirt.

“Ní bheidh an leithscéal sin aici ó seo amach le tú a bhualadh,” arsa Bríd le Caitlín.

Labhair Caitlín le tocht ina glór. “Ní bheidh. Go raibh maith agat, a Bhríd.”

“Cha dear mise a dhath,” arsa Bríd. “Cibé cén áit a dtáinig an fear sin amach as. Bronntanas ó na flaithe a bhí ann.”

“Is dóiche. Bhí rud éigin fán réal sin,” arsa Caitlín. “Cha raibh píosa sé pingine i mo lámh agam ariamh roimhe sin.”

Chuala Bríd duine inteacht ag scairteadh agus d’amharc an bheirt acu thart. Chonaic siad Charlie an bhainne ag rith ina dtreo agus a chuid bó ina táinrith roimhe.

“Tá na ba ag briseadh ar shiúl uaidh,” arsa Caitlín.

“Tá,” arsa Bríd, “goitse caithfidh muid cuidiú leis.

“Ceap aníos iad. Ná lig dófa scaipeadh,” a scairt Charlie leo.

Bhí Bríd agus Caitlín breá cleachtaithe a bheith ag obair le hainmhithe agus cha raibh deacracht ar bith acu stad a chur leis an rása.

“Maith sibh,” arsa Charlie. “Coinnígí leofa go bhfosclóidh mé an geafta seo.”

Chuir siad na ba Isteach sa pháirc agus dhruid Charlie an geafta.

“Bhuel, buíochas le Dia ar son sin” arsa Charlie. “Ach ab é sibhse bheadh siad scaipthe ar fud na tíre orm. Caor thineadh ar an mhadadh úr sin atá agam. Bheadh sé chomh maith agam gamhain óg a bheith liom.

Is maith sibh. Seo, fan go bhfaighidh mé cúpla pingin daoibh.

Lorda! Nach bhfuil briseadh ar bith agam. Ó, seo chugat a Chaitlín. Sin pá mhaith fá choinne na h-oibre. Ceannaígí milseáin daoibh fhéin. Slán.”

D’imigh Charlie leis agus d’fhág sé Caitlín ag amharc le hiontas ina lámh. “Mo réal,” a dúirt sí. “Tháinig sé ar ais chugam. Amharc ar an mharc sin.”

“Taispeáin,” arsa Bríd. Ó, tá an ceart agat. Amharc ar an líne sin. Agus tá an dáta céanna air 1924. Nach bhfuil sin go hiontach!”

“Tá ceart go leor,” arsa Caitlín, “ach is leatsa leath dó a Bhríd. Rachaimid suas go dtí an tsiopa agus brisfidh mé é.”

“Cha ndéanann tú a dhath den tsórt,” arsa Bríd léi. “Bheadh na milseáin ite againn roimh am luí. Ach ma choinníonn tusa an réal beidh sé agat go deo agus le cuidiú Dé bronnfaidh sé ádh ort.”

“Go raibh maith agat, a Bríd,” arsa Caitlín.

“Déan dearmad dó,” arsa Bríd. Anois, goitse go gasta anois. Tá obair le déanamh againn.”

“Bhail anois,” a dúirt mé le Bríd, “sin scéal nach ndéanas mé dearmad de.” “Caithfidh críoch a bheith ar achan scéal,” arsa Bríd is tharraing sí réal amach as a póca. “Seo chugat,



amharc ar sin” a dúirt sí agus thóg mé an réal uaithi. Chonaic mé an dáta, 1924 agus bhí líne gearrtha ann. “Sin réal Chaitlín,” arsa Bríd sula bhfuair mé deis ceist a chur.

“Chuaigh Caitlín go Meiriceá thart fán am a chuaigh me fhéin go hAlban,” arsa Bríd. “Chan fhaca mé í arís ach bhí cárta Nollag sa phost domh achan bhliain go dtí gur stad sin thart fá deich mbliana ó shin. Seo chugat,” a dúirt sí, agus shín sí litir chugam. “Bhí an litir sin sa chárta deireanach a fuair mé.”

Léigh mé fhéin an litir amach os ard. Seo go díreach na focla a bhí scríofa.

A Bhríd, a chara,

Is dóiche go mbeidh mé ar shlua na marbh sula mbeidh an litir seo fiú amháin í do lámh agat.

Bhí saol maith agam anseo i Meiriceá agus cé nár phós mé aríamh bhí teaghlach mhór agam ins na mílte páiste a chuaigh fríd an scoil ina raibh mé ag múineadh, agus nuair a rinneadh príomhoide domh blianta ó shin rinne mé cinnte go raibh leabhair saor in áisce do na páistí nach raibh mórán airgid ag a dtuismitheoirí, agus chuir mé mo chuid airgid uilig isteach i dtrustfund sa dóigh go leanfadh sín ar aghaidh i mo dhiaidh.

Ach is í an tseoid is luachmhaire domhsa ná an réal beag seo atá mé ag cur chugatsa a Bhríd.

Aithneoidh tú é. Choínnigh mé é liom thart ar mo mhuineál achan lá ó d'fhág mé agus is é a thug uchtach agus misneach domh. Tá fhíos agam go bhfuil gar phaistí agatsa a Bhríd agus b'fhéidir gur mhaith leat é a thabhairt do dhuine acu.

Tá súil agam go mbeidh an t-ádh céanna ag baint leis i gcónaí.

Slán a chara,

Caitlín.

Anois, sin deireadh an scéil.

Féile Scoildrámaíochta

Ag tús mí Mheán Fómhair tagann na páistí ar ais chuig imeachtaí Chéim Aniar i ndiaidh am scoile in ionad CLG na nDúnaibh. Suas go dtí nollaig ullmhaíonn siad d'Fhéile Chéim Aniar, comórtas aithris filíochta Guth Ghoill.

Bíonn cluichí agus comhrá mar pháirt do na himeachtaí agus i mí Deireadh Fómhair faigheann siad na linte do na drámaí.

I mí Eanáir fágann muid Ionad CLG agus téann muid síos go dtí Coláiste Ros Goill agus diríonn muid isteach ar na drámaí.

Téann páistí Chéim Aniar isteach i gcomórtas scoildrámaíochta achan bhliain. Is comórtas náisiúnta atá anseo, agus i dtaca le Dún na nGall de bíonn tús curtha leis an chomórtas i bhFéile Áitiúil i nGaoth Dobhair thart fán deichiú lá de mhí Mhárta achan bhliain.

Ciallaíonn sin go mbíonn brú teann go leor ar achan duine, páistí, tuismitheoirí agus oifigigh Chéim Aniar le bheith ullmhaithe don chomórtas. Thart fá trí seachtaine roimh an dáta sin tagann na páistí isteach níos minice agus oibríonn achan duine go crua le bheith réidh don lá mór.

Níl dóigh ar bith a mbeadh na páistí réidh gan an cuidiú a fhaigheann muid ó na tuismitheoirí agus tá Céim Aniar fíor bhuíoch dóibhsean a chuidíonn ar dhóigh ar bith.

I mbliana chuir muid trí dhráma isteach sa chomórtas: Páirc an Óir le Rang 1-2. Draoi Oz le Rang 3-4 agus An Teachín Crainn le rang 5-6.

Bhí cúpla lá mór drámaíochta i nGaoth Dobhair ar an 11ú agus 12ú Márta. Bhí drámaí Chéim Aniar ar stáitse ar an Luan 11ú Márta. Bhain achan duine sult as na drámaí seo. Bhí na páistí uilig iontach maith ar an lá agus bhí lúcháir ar na tuismitheoirí agus dár ndóigh ar na páistí iad fhéin go deachaigh rudaí chomh maith sin ar an lá.

Tá ard-chaighdeán drámaíochta sa chomórtas seo agus amach as 34 dráma chuaigh 18 fríd go Féile Uladh, ina measc An Teachín Crainn le Rang 5-6.

Bhí Féile Uladh san Ghrianán ar an 21ú agus 22ú Márta agus is cúis bhróid é do Chéim Aniar gur cháiligh An Teachín Crainn don Fhéile Náisiúnta i Muileann gCearr ag réachtáil ón 3ú go dtí nollaig 10ú Aibreán.



Oíche Fhéile Bríde

le Seosamh Ó Cuilinn


Titeann Oíche Fhéil' Bríde ar an lá deireanach de mhí Eanáir. Tá tábhacht mhór ag baint le Féile Bríde. Cuireann seo deireadh leis an Gheimhreadh agus tús le séasúr an Earraigh. Tá sé ráite go dtosaíonn rudaí ag fás as seo amach agus go dtosaíonn na h-éanacha ag ceol agus ag tógáil a gcuid neadracha ó Oíche Fhéile Bríde ar aghaidh. Deirtear go músclaíonn an nádúr ó Oíche Fhéile Bríde amach fosta. Seo an oíche a ndéantar Cros Bhríde agus a gcuirtear amach píosa éadach a dtugtar bratóg Bhríde air. Roimh luí gréine bheadh sopóg fheaghacha gearrtha agus fágtha taobh amuigh d'achan dhoras. Ansin níos moille san oíche bheadh pota prátaí curtha ar thine mhór agus ansin nuair a bheadh na pré-ataí goillte agus iad silte, bheadh siad fágtha ar thaobh na tine le hiad a choinneáil te. Ansin dá mbeadh duine sa teach darbh ainm Bríd, thitfeadh sé uirthise a dhul amach leis na feaghacha a thabhairt isteach, ach muna mbeadh, thitfeadh se ansin ar bhean a' tí iad a thabhairt isteach. Bhuaifeadh sí cnag ar an doras agus scairteadh sí amach; 'Gabhaigí síos ar bhur nglúine, fosclaigí an doras agus ligigí isteach Bríd Bheannaithe.' Bhéarfadh muintir a' tí freagra uirthi; 'Sé Beatha, Sé Beatha, Sé Beatha na mná uaisle'. Déantar seo trí uaire agus ansin



bhéarfadh Bríd isteach na feaghacha, agus bheadh siad fágtha ar an urlár. Thógtáí an pota préataí ó thaobh na tine agus d'fhágtaí é i lár an urláir agus chuirfí na feaghacha thart fán phota ansin. Ag an am seo den bhliain bhíodh ganntanas ime ann, ach dhéanadh bean a' tí cinnte go mbeadh im sábháilte aici le cur fríd na préataí, mar go raibh tábhacht mhór ag baint leis an im. Ansin bhéarfaí anuas an tuairgín agus dhéanfaí brúitíní as na préataí, agus chuirfeadh achan duine sa teach lámh leis an tuairgín a fhad agus bhí seo ag dul ar aghaidh. Ansin chuirfí na brúitíní amach ar na plátaí agus d'íosfadh achan duine a sáith. Corruair dhéanfadh siad tobar i lár na bpréataí nuair a bheadh siad ar na plátaí agus chuirfeadh siad a thuilleadh ime ar na préataí agus d'fhágadh sin blas galánta ar na préataí.

Thosódh siad ag déanamh na gcrosanna ansin agus nuair a bheadh go leor crosanna déanta acu chuirfeadh siad cros suas sa chistin ar dtús, agus ansin ceann in achan seomra. Nuair a bheadh sin déanta acu rachadh fear an tí amach le ceann a chur sa bhóitheach, ceann eile sa stábla agus ceann sa scioból leis na hainmhithe a choinneáil sábháilte, mar go raibh muinín tréan acu i gCros Bhríde. Nuair a bheadh na crosanna uilig déanta acu thógfaí suas go deas cúramach feaghacha ar bith a bhí fágtha thart agus rachadh fear an tí amach go dtí an bhóitheach leofa, agus chroithfeadh sé iad thart mar leabaidh faoin bhó. Bhí siad cinnte go gcuideodh seo an bhó a choinneáil folláin i rith na bliana, go mbeadh go leor bainne aici agus go mbeadh go leor ime fán teach fosta. Bhí seo an-tábhachtach ar fad go h-áirithe sna tithe ina raibh teaghlaigh mhóra iontu, agus leora bheadh sin fíor fán chuid is mo de na tithe san am seo. Sin cad chuige a raibh an oiread sin muinín ag na daoine i gCros Bhríde agus i mbratóg Bhríde. Bhí seo fíor go h-áirithe faoi na feirmeoirí mar gur tús an Earraigh a bhí ann - tús a gcuid oibre agus dá mbeadh beannachtaí Bhríde leofa bheadh séasúr maith amach rompu.

Bhain na feirmeoirí úsáid as Cros Bhríde go minic agus ceann de na huaireanta a dhéanfadh siad sin ná nuair a tharlódh rud inteacht den bhó agus deirtí go raibh an bhó scaoilte. Is é an míniú a bhí acu ar seo ná gur ghnáth le clocha




beaga bána a bheith ‘na luí thart fá na cuibhrinn, agus bhí se ráite gur na daoine beaga a bhí a gcaitheamh anuas ón spéir agus dá mbuailfeadh siad na ba chiallódh sin go raibh na ba scaoilte agus go rachadh siad dá gcuid. Mar sin chaillfeadh siad a neart agus cha bheadh siad ábalta ithe.

Ghlac bunús na bProtastúnach chomh maith leis na Caitlicigh leis go raibh seo ag tarlú. Cha bheadh moill ar bith orthu scairt a chur ar fhear sa cheantar a theacht chucu lena Chros Bhríde agus le Coinneal Mhúire, le tabhairt faoin bhó a bhí scaoilte.


Thiocfadh an fear go dtí an teach ansin i ndiaidh luí gréine agus bheadh an bhó istigh sa bhóitheach. Rachadh sé isteach sa bhóitheach agus Cros Bhríde agus an Choinneal Mhúire leis. Rachadh sé thart ar an bhó leis an chros agus leis an choinneal ar dtús agus ansin chuirfeadh sé iad faoi chorp na bó agus bheadh sé ag paidreoireacht chuig Bríd Bheannaithe a fhad agus a bheadh seo ag dul ar aghaidh. Níl mé ag rá go mbeadh na paidreacha seo ag achan duine.

Choinníodh siad an bhó istigh sa bhóitheach i rith na h-oíche agus nuair a chuirfí amach ar maidín í thosódh sí ag ithe aríst. Chreid siad go tréan i gCros Bhríde agus bhí an cruthú ansin acu. Bhaineadh siad úsáid as an chros seo da mbeadh bó ag breith agus í i dtrioblóid. Chuirfeadh siad an chros thart ar mhuinéal na bó agus bhí siad cinnte go gcuideodh seo léithe breith agus í a choinneáil sábháilte. Maidir le bratóg Bhríde bheadh píosa éadaigh, bán no dearg, crochta amuigh roimh luí gréine sa dóigh agus go mbeadh an ghrian ag soilsíú ar an éadach agus í ag dul síos. Chreid na daoine go mbeadh Naomh Bríd ag dul thart Oíche Fhéil’ Bríde agus dá bhfeiceadh sí an t-éadach crochta amuigh go gcoisriceodh sí é agus go mbeadh an píosa éadaigh seo an-ádhúil ar fad i rith na bliana. Bhéarfaí Bratóg Bhríde isteach arís roimh bhreacadh an lae. Bhí muinín mhór ag daoine i mBratóg Bhríde. Ba ghnáth leis na feirmeoirí píosa beag de Bhratóg Bhríde a ghearradh amach agus bheadh sé fuaite isteach taobh istigh den chóta acu. Rinne siad seo sa dóigh is nach mbeadh siad



ariamh amuigh ag obair gan Bratóg Bhríde a bheith leofa, mar go gcuideodh seo leofa a bheith slán o thinneas agus ó thimpistí. Nuair a bheadh na feirmeoirí ag dul ar an bhealach mhór agus an capall leofa gléasta suas, chuirfeadh siad píosa de Bhratóg Bhríde trasna os cionn a chuid súl, le hiad a choinneáil sábháilte, mar go raibh siad cinnte go raibh corrdhuine amuigh ansin a bhí ábalta amharc isteach i súile an chapail agus droch ádh a chur air. Blinkal a thugadh siad ar seo agus chuirfeadh sé an capall amú. Fosta dá mbeadh siad ag dul ‘un aonaigh agus cúpla ainmhí leofa, ba ghnáth leofa cúpla píosa snáithe a tharraingt as Bratóg Bhríde agus sreangan a dhéanamh as agus é a cheangailt ar ruball na

n-ainmhithe le hiad a choinneáil sábháilte ó dhaoine a chasfaí orthu leis an drochshúil agus a d’fhéadfadh mí-ádh a chur orthu. Corruair nuair a bheireadh an bhó ach go h-áirithe nuair a bheireadh bearrach agus gan í a bheith ábalta glanadh i gceart chuirfeadh siad Bratóg Bhríde ar dheireadh na bó agus ghlanfadh an bhó ansin. Duine ar bith a bhí tugtha de cheann nimhneach go h-áirithe le toirneach, chuirfeadh siad Bratóg Bhríde ar a gceann agus chuideodh seo go mór leofa. Tá sé ráite nach mbeadh bád ar bith ag iascaireacht gan bratóg Bhríde a bheith crochta sa bhád. Téann lear daoine ag toibreacha Bean-naithe Oíche Fhéil’ Bríde, agus anseo i dTír Chonaill tá Tobar a’ Dúin againn. Seo tobar a bhfuil clú agus cáil air, chan amháin anseo i dTír Chonaill ach fríd an tír uilig agus leora ar fud an domhain. Cuirtear tús leis an oíche le hAifreann i dTeach Pobail an Tearmain ag a 10 a chlog. Nuair a bhíonn an t-Aifreann thart, imíonn achan duine, an sagart ina measc, agus siúlann siad an cúpla míle go sroicheann siad Tobar a Dúin. Ansin ag an mheánóiche deireann an sagart paidreacha agus coisriceann sé an tobar. Líonann lear daoine buidéal uisce coisricthe as an tobar ansin agus bhéarann siad é leofa na bhaile. Fanann cuid eile acu agus níonn siad a gcuid cosa agus déanann siad turas thart fan tobar agus iad costarnocht. Taispéanann seo an muinín atá ag na daoine in Oíche Fhéil’ Bríde agus a fhad agus tá na rudaí seo ag dul ar aghaidh buíochas do



Dhia ní dhéanfaidh muid dearmad choíche don tábhacht a bhaineann le
Oíche Fhéil' Bríde.



Lá i mo Shaol

-Nóirín Goulding



Na bachtáí móna agus An Seascán, Cnoc na Sleá sa chúlra

Is minic go mbíonn fonn orm bheith amuigh ag siúl agus níl áit ar bith is fearr liom ná a dhul suas an cnoc ar chúl mo theach féin. Níl agam ach siúl amach an doras agus tá tús curtha agam le mo shiúlóid.

Tá cónaí orm féin i mBaile na Deora, baile fearainn ar an taobh thoir de Ros Goill. Tá sé suite idir Cluain tSaileach agus an Ghlíob. Seo mar a bhíonn mo lá nuair a théim amach ag siúl. Suas an mhalaigh liom ar chúl an tí, Loch an Charnáin ar thaobh mo láimhe deise. Níl mórán den loch fágtha anois faraor, é chóir a bheith líonta isteach ag fásra (vegetation) ach lá den tsaol bhí tábhacht ag baint leis an loch céanna. B'fhoinsé luachmhar uisce é. D'iompródh m'athair agus a chuid deartháireacha agus deirfiúracha buicéadaí uisce as an loch suas go cuibhreann a bhí againn i bhfad suas an cnoc faoi scáil Chnoc an Ála. Bhíodh préataí curtha thuas sa chuibhreann seo agus bhíodh siad le spréail cúpla uair i rith an tséasúir. Dar ndóigh, bhíodh go leor uisce de dhíth le seo a dhéanamh. Bhí Loch an Charnáin fóirsteanach don riachtanas seo.

Níos faide suas an cnoc tá Cnoc na gCruach. Tá ceangal idir an cnoc seo agus An Seascán níos faide suas. I bhfad ó shoin, ba ghnáth le cuid de mhuintir na háite a gcuid móna a bhaint thuas anseo agus ansin bhéarfadh siad an mhóin aniar le hasail agus cléibh (creels) chomh fada le Cnoc na gCruach. Dhéanfadh siad cruacha beaga móna di ansin agus d'fhágfadh siad ansin iad go dtí go mbeadh an mhóin de dhíth orthu sa bhaile. Bhí áit eile cosúil le seo níos faide siar an cnoc ag barr lána atá ansin go fóill. San áit seo bhí ballaí ísle cloiche tógtha le foscadh ón aimsir a thabhairt don mhóin agus le cuidiú í a thriomú.

Faoi mar a dúirt mé thuas ba ghnáthach le muintir na háite a gcuid móna a bhaint as An tSeascán. An chiall atá leis an ainm seo ná áit fhliuch. Go fóill, tá rian de na bachtaí (turf banks) le feiceáil.

Luaigh mé Cnoc an Ála níos luaithe, cnoc atá suite idir Baile na Deora agus an Ghlíob agus é ag amharc síos ar Ghleann Raithnigh agus Gleann Úraí agus amach na farraige. Deirtear gur na hailltreacha ata ar thaobh an chnoic a thug a ainm dó. Suite thuas anseo i lag iargúlta a bhí cró stile ag John Bán Ó Gallachair as An Ghlíob lena chuid poitín a dhéanamh. Deirtear go dtáinig cúpla bó as an áit ar an phoitín lá amháin, gur ól siad braon maith di agus go raibh siad breá meidhreach ag dul síos Bearna na Gaoithe dóibh! Níl fágtha den stil anois ach cuid de na clocha agus is mór an trua nach dtig leo labhairt!

Tá cúpla cineál carraige le feiceáil fan cheantar seo, Cloch aoil ina measc. Bhí tobar ann a dtug muid Tobar na gCloch Aoil air agus bhí fíoruisce galánta le fáil ann. Chuirte na páistí suas an cnoc le canna den uisce seo a



Tobar na hAilte Baine



Na ballaí cloiche do na cruacha beaga móna

thabhairt ‘na bhaile, seo an t-uisce a d’úsáid muid le hól muid féin. Thóg muid an t-uisce don níochán srl. ó Thobar na hAilte Báine atá ar an teorainn idir Baile na Deora agus an Ghlíob.

Dar ndóigh, tá go leor plandaí ag fás suas an cnoc, fraoich, raithneach, caonach sfagnam (sphagnum moss) ina measc, a dtábhacht féin ag baint le achán cheann acu i saol mór an dúlra. Ceann de na cinn is suimiúla ó thaobh bhéaloideas na háite ná ceann ar a dtug muid Méara Cholmcille air, (stags-horn clubmoss).

Sa tsean-am, bhíodh an t-eallach thuas an cnoc ar féarach ag daoine. Go minic, théadh an t-eallach ar seachrán agus chaití iad a chuartú. Deirtí dá dtiocfadh duine trasna ar Mhéara Cholmcille gurbh ionann sin agus go bhfaighfeá do chuid eallaigh gan mhoill! Nach iomaí bua a bhí ag Colmcille?!

Agus mé ag teacht go deireadh mo shiúlóide bíonn rogha le déanamh agam. An rachaidh me go barr Gáinne, go dtí’n Cnoc Mór, ait a bhfuil ballógaí Theach na Spiraí (Ó Siadhail), Caiseal na bhFiann, Baile an tSléibhe, nó go dtí’n áit a raibh Heidí Sheoirse Mharcais ina cónaí fadó. Sin uilig nó suigh ar bharr na Charraige Airde agus bheith ag amharc uaim agus a bheith ag smaointiú agus ag meabhrú ar mo mhuintir a chuaigh romham agus ar an oidhreacht luachmhar a d’fhag siad ina ndiaidh. Is mór a chuireann an oidhreacht seo le lá i mo shaolsa.



Méara Cholmcille agus
Caonach Sfagnam



Seanteach a'Spíaráí



An Charraig Ard

Curach Ros Foill

-Conchubhair Mac Lochlainn




Neil Ó Cuilinn & Pádraig (Padaí Bhrianaí) Mac Lochlainn

Agus mise i mo ghasúr óg is minic a chuala mé m'athair (Brian Mac Lochlainn as Baile na Deora) ag caint fá na hamanna a chaith sé amuigh sa churach lena athair féin Pádraig (Padaí Bhrianaí). Bhíodh Padaí ag iascaireacht gliomaí, partán, súilíní (*pollock*) cuileogaí rua (*juvenile pollock*), glasán (*coalfish*) agus go

leor cinéalacha eile éisc ar an Mhaol Rua - suas chomh fada le Creamhghort, amach ón Mheall Mhór agus amach ó chósta Ghleann Úraí. Is sa churach a dhéanadh sé an iascaireacht seo uilig. I gcuideachta le Padaí go minic bhíodh m'athair agus Micheál s'againne. Ag dul siar glúin eile bhíodh athair Phadaí, Brianaí Browne mar ab fhearr aithne air, amuigh ina churach ag treabhadh na dtonnta agus ag saothrú greim le hithe don teaghlach. Ba mhinic comharsana ina chuideachta fosta, daoine cosúil le James a' Dochartaigh, Hughie a' Bhrógáin agus Neil Cullen. Ag dul siar glúin eile go fóill bhí máthair Bhrianaí, sin í

Neansaí Browne as Gort na Luchóg, ábalta an curach a rámhaíocht ó thráigh Ghort na Luchóg suas an Mhaol Rua chomh fada le Muileann Plúir Bhaile na nGallóglach, áit a bhfaigheadh sí cúpla mála plúir le tabhairt 'na bhaile léithe.

Chuir na scéaltaí seo uilig a chuala mé iontas agus alltacht orm féin. Mhúscaíl said ionam suim sa churach mar bhád iascaireachta agus mar ghné thábhachtach de shaol na ndaoine. Bhí sé doiligh a chreidbheáil chomh eolach agus chomh oilte agus a bhí an mhuintir seo a chuaigh romhainn, go háirithe nuair a smaointíonn muid ar an bheagán ama a chaith na créatúir ar scoil. I dtús



Dinis Dhonnchaidh Mhicheáil
(Mac Giolla Bhríde)

báire bhí an t-ábhar le cruinniú leis an churach a thógáil, idir shlatacha cáil agus saileoige chomh maith le adhmaid leis an chreatlach a dhéanamh.

Ansin bhí an craiceann le cur ar an churach. Sean mhálaí plúir a húsáideadh le seo a dhéanamh, is iad na mná a rinne an gearradh amach

agus an fhuáil (*sewing*) le seo a chur in oiriúint don churach. Chuirte an craiceann seo ar an churach agus ansin bhí tarra le cur sa mhullach ar sin. Chaití an tarra a théamh le seo a dhéanamh. Ansin bhí na rámhaí le

déanamh, chaitheadh siadsan a bheith díreach i gceart mar gurb iad a húsáideadh leis an churach a stiúradh. Bhí eolas cruinn de dhíth fán fharraige fosta, c'uair a bheadh iomlán rabharta ann, an mbeadh lag trá ann, c'uair a bheadh an sruth ag dul suas nó síos An Mhaol Rua.

Smaointigh nach raibh tuar na haimsire, aipeanna, ríomhairí ná gléasanna de shórt ar bith ag daoine le iad a chur ar an eolas fan dóigh le curaigh a thógáil ná iad a láimhseáil ar an fharraige.

Foghlaimíodh an cheird agus cuireadh an t-eolas ar aghaidh ó dhuine go duine.

Shíl mé go mbeadh sé fóirsteanach ómós a thabhairt dóibhsean

uilig a rinne an oiread sin fualaingt agus íobairt ar ár son le cinnte a dhéanamh go raibh plaic le hithe ag ár muintir a chuaigh romhainn. Ba mhínic iad ag streachailt le anás agus anró an tsaoil. Mar sin, le cuidiú ó dhaoine mar Phroinsaí Mac Giolla Bhríde (Dhonnchaidh Mhicheáil) agus Donnchadh (Dinis) Ó Brógáin fuair mé na hainmneacha Gaeilge de na páirteanna uilig de churach Ros Goill agus rinne mé léaráid dóibh. Chuir mé cúpla pictiúir agus giotaí eile eolais isteach sa




Brian Mac Lochlainn, Martin Mac Aoidh, Martin Ó Gallchóir, Conchubhair Mac Lochlainn

léaráid fosta agus bhronn mé é ar Choiste Céim Aniar. Tá súil agam go gcoinneoidh seo uaisleacht agus oidhreacht ár muintir a chuaigh romhainn inár gcuimhne ar feadh i bhfad.



Conchubhair Mac Lochlainn, Micheál Ó Dochartaigh, Brian Mac Lochlainn, Donnchadha Ó Brógáin agus Proinsáí Mac Giolla Bhríde

Ó a mhaith le Coiste Céim Aniar a mbuíochas ó chroí a ghabháil le Conchubhair Mac Lochlainn as an alt a scríobh sé do Shúch Shoil faoi churach Ros Soil ach go háirithe as an chur síos agus na pictiúirí áilne de churach Ros Soil atá curtha i bhfráma aise agus a bhronn sé ar Chéim Aniar. Deir sé crochta go bródúil ar an bhalla in Oifis Céim Aniar agus le feiceáil as duine ar bith a théann isteach ansin.



SEACHTAIN NA GAEILGE 2019

Titeann Seachtain na Gaeilge i Mí Márta achan bhliain. Seo tréimhse ina gcuirtear imeachtaí ar siúl i gceantracha ar fud na tíre trí mheán na Gaeilge agus tréimhse ina ndéanann daoine iarrachtaí ar leith Gaeilge a labhairt. Bhí Maidín Chaife agus Trath na gCeist Boird ar siúl ag Ceim Aniar, mar a bhíonn achan bhliain, le linn Seachtain na Gaeilge.

Caife & Comhrá



Rinne scaifte breá freastal ar an Mhaidín Chaife a bhí ar siúl san Ionad Achmhainne agus bhí sé deas go ndearna achan duine iarracht mhór cíbe Gaeilge a bhí acu a úsáid. Buíochas mór do Pheigí Ryder & Anna Nic Lochlainn a rinne an mhaidin seo a eagrú.

Tráth na gCeist



Rinneadh Tráth na gCeist Boird a reáchtáil sa Síbín Ceoil. Ghlac 10 bhfoireann páirt ann agus b'é Seán Ó Buaidhe (Centra) a rinne urraíocht ar an ócáid – buíochas mór do Sheán agus don Síbín Ceoil a chuir soláistí as fáil. Ba ag Proinsias Ó Cuilinn, Seán Ó Dochartaigh & Tommy Clyde a bhí an bhuidhe. Bhí oíche den scoth ag achán duine.



Scéalta Báis

Bhí Mánas Mac Pháidín (Mánas Mhichíl) agus Pádraig Mac Giolla Bhríde (Paidí Fenny) ina gcomharsana agus cónaí orthu sa tsraith is airde de thithe Leargán Riach. Bhí aithne leitheadach orthu beirt, chan amháin sa cheantar anseo ach fada i gcéin fosta. Bhí siad beirt iontach gníomhach sa cheantar agus lárnach sa phobal i rith a saoil, go háirithe i gCumann Lúthchleas Gael. Fuair siad bás fá dhá mhí dá chéile, Paidí i mí na Nollag agus Mánas i mí Feabhra. Táthar a gcrothnú go mór.



Mánas Mac Pháidín – (Mánas Mhícheáil)

Rugadh Mánas Mac Pháidín nó Manás Mhícheáil mar ab fhearr aithne air ar an Ráith in aice le Ráth Maoláin ar an ochtú lá fichead de mhí Dheireadh Fómhair 1944. Mar a tharla go minic i dteaghlaigh a mbíodh clann mhór ann tugadh Mánas go Dubhaigh áit a raibh cónaí ar a athair mór agus a mháthair mhór agus ba ansin a tógadh é. Dar ndóigh bhí neart páistí fá Dhumhaigh san am sin agus scaifte maith ag siúl ‘na scoile go Doire Chasáin agus d’fhág sin nach raibh easpa cuideachta ar bith ar Mhanás i nDumhaigh. Bhí Dumhaigh san am a raibh Mánas ag éirí aníos ann lán de sheanchas agus de scéalta ón tseanam anall agus bhí na carachtair ina gcónaí ansin fosta a bhí ábalta, lena

gcuid samhlaíochta, a gcrot fhéin a chur ar na scéalta seo, cé acu a bhí siad fíor nó bréagach! Cha deachaigh a dhath de seo amogha ar Mhanás!

Sa bhliain 1970 phós sé Eibhlín Ní Bhuaidhe as Tullach agus thóg siad seachtar clainne, cúigear girseach agus beirt ghasúr. D’oibrigh Manás agus Eibhlín go dícheallach anseo sa pharóiste áit ar reáchtáil siad dhá shiopa búistéara, ceann sna Dúnaibh agus ceann eile i gCarraig Airt. Le cois siopa búistéara a reáchtáil bhí a gcuid prátaí agus a gcuid glasraí fhéin a dhíol i gcónaí acu sa tsiopa agus bhíodh Mánas le feiceáil luath ar maidin agus mall san oíche ag tabhairt aire dá chuid caorach, go háirithe le linn séasúr na n-uan nuair a bhíodh sé amuigh lena lampa ag coinneáil súil ar chaoirigh a bhíodh i mbéala breith. Char chuir mórán daoine fán cheantar seo an dícheall agus an díogras céanna isteach ina gcuid oibre agus a chuir Mánas.

Thug Mánas blianta fada gníomhacha do CLG na nDúnaibh le linn a shaoil agus

lena chois sin bhí suim mhór aige fosta i gcúrsaí polaitíochta agus in imirt chártaí.

Chan iarrfá de phléisiúr ná a bheith ina chuideachta ar feadh tamaill mar go raibh an seanchas sin ann a thug sé leis óna óige agus bhí sé ábalta tarraingt ar scéalta ag dul siar blianta. Dar ndóigh bhí a chuid scéalta agus a chuid cuimhní ar Dhumhaigh thar a bheith suimiúil agus é ábalta cóta agus craiceann d’achan chineál a chur orthu mar thar aon rud eile bhí féith an ghrinn go smior i Máнас. Char fhág tú a chuideachta ariamh agus tú tromchroíoch mar chan amháin go bhfágadh sé ábhar machnaimh agat ach d’fhágadh sé ábhar maith gáirí agat fosta.

Ar an drochuair bhuaill tinneas Máнас agus bhí sé ag éagaoineadh le corradh agus bliain; fuair sé bás ar an naoú lá déag d’Fheabhra na bliana seo. Is cinnte go bhfuiltear ag crothnú Máнас go mór fán cheantar agus dhéanfar go ceann fada go leor.

Ar dheaslámh Dé go raibh a anam uasal gaelach.



PÁDRAIG MAC GIOLLA BHRÍDE – (PAIDÍ FENNY)

Rugadh Pádraig Mac Giolla Bhríde nó Paidí Fenny mar a bhí aithne air i gcéin is i gcóngar, i gCeann na Leargaí ar Lá ‘Le Stiofáin na bliana 1958. Ba é an chéad duine clainne ag a thuismitheoirí Donchadh agus Máire.

Ón am a thosaigh sé ag siúl thart cha raibh a dhath a dhíth air ach bál agus le linn na mblianta sin a raibh sé ag éirí aníos chan fheicfeá é áit ar bith-- ag dul ‘un tsiopa, ag dul ‘na scoile nó go díreach ag siúl an bhóthair gan bál a bheith ina chuid lámh leis. Bhí a shliocht air mar nuair a chuaigh sé isteach sna déaga cha raibh a shárú le fáil i scileanna peile. Bhí Páirc a’ Chrócaigh sa gharraí os comhair

an tí agus is iomaí cath peile a troideadh sa gharraí chéanna – lena dheartháir Dinis, a uncal Paidí agus na comharsana. Is iomaí argóint agus conspóid a bhí ann faoi phointí nach gcuirfí sa chuntas, faoi chiceanna saora nár ceadaíodh agus bhí laethanta ar chríochnaigh cluichí i ruaille buaille – laethanta soineanta na hóige. Ba le linn an ama seo a chur Paidí faobhar ar a scileanna peile, scileanna a bhí go smior ann ó dhúchas. Chan amháin gur pheileadóir den scoth i bpeil ghaelacha a bhí ann ach bhí sé thar a bheith cumasach ag sacar fosta, cumas a thug go Motherewell é, ach tharla dó mar a tharla do chuid mhaith peileadóirí óga eile, thug cumhaigh ‘na bhaile é. D’imir sé sacar le Gleann Rí, le Creamhghort, le Fern Utd. agus le Fánaid Aontaithe áit ar bhain sé Corn Idirmheánach.

Thug sé a shaol do CLG Na nDúnaibh, mar pheileadóir, mar réiteoir, mar choachálaí agus mar bhall den choiste. Bhain sé Craobh Shóisir na Contae i ’77 agus an Chraobh Idirmheánach ’81, ’87 agus ’92. Bhain sé Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta i ngrád na Sóisir ’81 agus ’82 agus Sinsir sa bhliain ’83. Bhí sé mar laoch na himeartha i gComórtas na Bliana ’82.

Bhí sé mar choachálaí ag foireann Faoi-16 na Contae in ’91, ag foireann na mionúr a chuaigh go cluiche leathcheannais na hÉireann i ’96 agus le foireann Faoi–21 na Contae i ’90 agus ’91.

Nuair a bhí a chuid laethanta peile thart chuaigh sé le réiteoireacht agus chaith sé ceithre bliana déag ag réiteoireacht ar pháirceanna peile ar fud na Contae, áit a bhfuair sé an gradam do réiteoir na bliana sa bhliana 2009.

Sna blianta sin go luath i ndiaidh do an pheil a fhágáil ina dhiaidh dhírigh sé isteach ar mharatóin a reáchtáil. Rith sé seacht gcinn déag ar fad – a leithéid d’éacht. Rith sé beirt de na maratóin seo laistigh de sheachtain amháin. Chuaigh an t-airgead uilig a bhailigh sé ‘un sochar do charthannachtaí éagsúla.

Le linn an ama seo ar fad d’oibrigh sé go díograiseach agus go dícheallach do CLG Na nDúnaibh, cha raibh rud ar bith a bhí le déanamh róbheag nó rómhór dó agus rinne sé cibé a bhí le déanamh ina dhóigh fhoighneach shuaimhneach fhéin.

Phós Paidí a bhean Karen sa bhliain 1980 agus rinne siad cónaí i Leargan Riach, áit a raibh triúr clainne acu-- beirt ghasúr, Pádraig agus Barry agus girseach amháin, sin Aisling.

Ar an drochuair bualadh Paidí tinn i lár an Fhómhair, chuaigh sé isteach ‘na hotharlainne ag tús mí Dheireadh Fómhair agus fuair sé bás ar an seachtú lá déag de mhí na Nollag 2018.

Táthar ag crothnú Paidí go mór fosta agus is cinnte go ndéanfar go ceann fada go leor.

Ar dheaslámh Dé go raibh a anam uasal gaelach.

Lá Fhéile Pádraig 2019

